2025/408

25.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/408 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) Tar éis thitim réimeas al-Assad sa tSiria, sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024 chuir an Chomhairle Eorpach bhfios go láidir an deis stairiúil atá ann an tír a athaontú agus a atógáil agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá próiseas polaitiúil cuimsitheach faoi stiúir na Siria lena gcomhlíontar ardmhianta dlisteanacha mhuintir na Siria, i gcomhréir le croíphrionsabail Rún 2254 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(3) I bhfianaise thitim réimeas al-Assad, a bhí freagrach as pobal sibhialta na Siria a chur faoi chois go foréigneach, agus na hiarrata ón gComhairle Eorpach ar an gCoimisiún agus an Ardionadaí roghanna a thíolacadh maidir le bearta chun tacú leis an tSiria, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES ([2]).

(4) Ar bhonn an athbhreithnithe sin, agus d'fhonn dlús a chur le haistriú cuimsitheach sa tSiria agus d'fhonn tacú le cabhair dhaonnúil a sheachadadh, le téarnamh eacnamaíoch, le hatógáil agus le cobhsú, agus d'fhonn filleadh náisiúnach ón tSiria ar an tSiria, mar aon lena gcuid giuirléidí, a éascú, measann an Chomhairle gur cheart roinnt bearta sriantacha a chur ar fionraí.

(5) Chun éifeachtacht fhionraíocht na mbeart sriantach a áirithiú, measann an Chomhairle gur cheart sé eintiteas a bhaint de liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha. Ba cheart sócmhainní ceann de na heintitis sin a bheith reoite i gcónaí.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 i gcomhréir le Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo isteach mar Iarscríbhinn IIb a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2025.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
K. KALLAS

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/36/oj.
([2]) Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/255/oj).

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012, i Roinn B (Eintitis) scriostar na 6 iontráil seo a leanas:

‘30. Industrial Bank’

31. Popular Credit Bank;

32. Saving Bank;

33. Agricultural Cooperative Bank;

38. Central Bank of Syria;

50. Syrian Arab Airlines.

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN IIb

Liosta na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 14 (2a)

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
1.	Central Bank of Syria	Sabah Bahrat Square, an Damaisc, an tSiria Seoladh poist: Altjreda al Maghrebeh Square, an Damaisc, an tSiria, P.O. Box: 2254 Teil.: + 961011 - 9985 R-phost: info@cb.gov.sy Suíomh gréasáin: https://www.cb.gov.sy/	Tugann sé tacaíocht airgeadais do réimeas na Siria.	27.2.2012'.